Ár nDúlra
Cruthaigh spás don dúlra agus don tsláinte, rud a laghdóigh ár lorg carbóin agus a chothóidh an bhithéagsúlacht agus ar a mbeidh saol níos sláintiúla agus níos sona mar thoradh air.

Ár nDaoine
Cruthaigh spás do dhaoine; curfear fáilte roimh an éagsúlacht beo beathach agus cuirfear chun tairbhe an chruthaitheacht atá i mBaile Bhrigín; ar an dóigh sin déanfar ár sráideanna agus ár spásanna a athbheochan.

Ár nÁit
Cruthaigh spás nach bhfuil le fáil ach i mBaile Bhrigín; cuirfear fáilte roimh an dearadh oidhreachta agus comhaimseartha chun ár mórtas cine is ceantair a cheiliúradh go muiníneach.

Agus é ag cur leis an **stair shaibir** agus ar an mbonn talainn **éagsúil** atá ag dul i méid, beidh Baile Bhrigín ina **phobal ata uaillmhianach, ionchuimsitheach agus saibhir**; cuirfear na **buntáistí eacnamaíocha agus fisiciúla** chun tairbhe na ndaoine go léir ionas gur féidir leo **caighdeán beatha atá ar fheabhas** a bhaint amach.

Ár Mol Bhaile Bhrigín
Cearnóg Sheoirse.
Ar Oscailt: Luan – Aoine 9.00am – 4.30pm
Ríomhphost: ourbalbriggan@fingal.ie
Suíomh Gréasáin: balbriggan.ie

Our BALBRIGGAN
Imagine the possibilities • Get Involved

Céard eile atá ag tarlú?

Plean Athnuachana Baile
Nuashonrú 2021

Photo credit: Tony Healy

Our BALBRIGGAN
Imagine the possibilities • Get Involved

#ourbalbriggan
WWW.BALBRIGGAN.IE

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

1. TEACH BÁD AGUS TARBHEALACH IARNRÓID INRBT

Cistiú Imfhálaithe URDF*: Circa €0.4 - 0.5M | CRÍOCH: 2022

NUASHONRÚ: Soilsiú na dtarbhealach le bheith críochnaithe roimh dheireadh 2021. Tosóidh oibreacha uasghrádaithe ar an Teach Bád in 2022 agus eiseofar iarraidh ar thairiscint d'oibritheoirí tráchtála in 2022 sular gcuirfear i gcrích é.

2. ATHRÚ Ó BHONN AR SHRÁID AN CHALAIDH, AR AN GCUAN & AR AN GCEANTAR MÓRTHIMPEALL

Cistiú Imhflálaithe URDF: Circa €9.0M – 10.0M | CRÍOCH: 2024

NUASHONRÚ: Ceapadh Foireann Dearaidh Chomhtháite, Ailtirí PKA i Meitheamh 2021. Tús curtha le scartáil O'Shea; beidh sé críochnaithe in Eanáir 2022 agus caomhnófar aon ghnéithe oidhreachta a thagann chun cinn.

3. FEABHSÚ AR AN GCALADH

Cistiú Imfhálaithe URDF: Circa €0.5M - €0.7M | CRÍOCH: 2022

NUASHONRÚ: Reáchtálfar comhairliúcháin le grúpaí leasmhara sula mbeidh tairiscintí ann in 2022 don phacáiste oibre chun an ceantar a fheabhsú.

4. CROÍLÁR NA PRÍOMHSHRÁIDE– CONAIR GHLAS

Cistiú Imfhálaithe URDF: Circa €6.4M - €6.9M | CRÍOCH: 2024 - 2025

NUASHONRÚ: 6,8,8A,10 & 12 Sráid an Droichid, ceannaithe i nDeireadh Fómhair 2020; áirítear sa cheannachán beagnach heicteár amháin de spás nádúrtha glas agus abhainn ar thaobh agus ar chúl Pháirc Millpond.

Cheannaigh Comhairle Contae Fhine Gall 14 Sráid an Droichid i Meán Fómhair 2021, mionoibreachas ar siúl chun an láithreán a dhéanamh sábháilte agus é a fheabhsú go gearrthéarmach fad is a fhaigheann an Chomhairle Foireann Dearaidh Chomhtháite don tionscadal; táthar ag súil í a cheapadh i R1 2022.

5. 2 – 4 SRÁID BHAILE ÁTHA CLIATH

Cistiú Imfhálaithe URDF: Circa €3.3M - €3.6M | CRÍOCH: 2024

NUASHONRÚ: Críoch le cur leis an gceannachán i mí na Samhna 2021; táthar ag súil le fógra maidir le ceapachán Foirne Dearaidh Comhtháite faoi dheireadh 2021.

6. PÁIRC MILLPOND– CONAIR GHLAS

Cistiú Imfhálaithe URDF: Circa €1.6M - €1.9M | CRÍOCH: 2025

NUASHONRÚ: Beidh an chonair ghlas i gcroílár an bhaile ag síneadh ó Bahile Stiofáin le taobh na habhann Bracken trí Pháirc Millpond. Ceannaíodh 14 Sráid an Droichid le déanaí agus éascóidh sé sin bealach isteach nua don pháirc ar Shráid an Droichid. Tá an tionscadal seo ag céim an choincheapa agus táthar ag súil go dtosófar ar fhoireann dearaidh a sholáthar in 2023.

7. PÁIRC RÉIGIÚNACH BHRÍ MHÓR

Cistiú: Clár Caipitil Chomhairle Contae Fhine Gall (2022-2024) measta: €4.4m

NUASHONRÚ: Deonaíodh cead pleanála i Meitheamh 2021. Beidh dearadh mionsonraithe agus soláthar bonneagair na príomhpháirce ag tarlú in 2022/2023.

8. FEABHSÚ AR AN BPROMANÁID & AR AN GCÓSTA

Cistiú Imfhálaithe URDF: €5.8M - €6.0M | CRÍOCH: 2024 – 2027

NUASHONRÚ: Leis an túr Martello, an teach bád agus an gceantar folcaidh phoiblí, déanfar athbheochan oidhreacht-bhunaithe ar an ngéith stairiúil seo de líne chósta an bhaile. Nascfar an tionscadal leis an Tionscadal Bealach Cósta Fhine Gall agus feabhsófar inrochtaineacht do chách feadh an chósta ó na tarbhealaí, na bruachanna agus an trá go dtí an teacht bád agus an cuan.

9. SRÁID AN IARNRÓID, AN STÁISIÚN & AN PLÁS

Cistiú Imfhálaithe URDF: €4.0M - €4.3M | CRÍOCH: 2026 - 2027

NUASHONRÚ: Cinnteoidh feabhsú fearainn phoiblí go mbeidh nascacht agus gluaiseacht níos fearr idir an trá, an stáisiún agus an Phríomhshráid. Tá an tionscadal seo ag céim an choincheapa agus táthar ag súil go dtosófar ar fhoireann dearaidh a sholáthar in 2024.

10. CAISLEÁN BHRÍ MHÓR

Cistiú: Clár Caipitil Chomhairle Contae Fhine Gall (2022-2024) €8.57m

NUASHONRÚ: Feabhsú ar siúl faoi láthair i Lána Bell agus sa cheantar mórthimpeall & le bheith críochnaithe i R4 2021. Tá sé pleanáilte tuilleadh feabhsaithe a dhéanamh ar an gcaisleán & ar na tailte, feabhas ar rochtain san áireamh, don bhliain 2022.

11. BEALACH CÓSTA FHINE GALL

CISTIÚ IMFHÁLAITHE URDF: Circa €1.55M (do Chaisleán Bhrí Mhór go dtí Ard Giolláin)

NUASHONRÚ: Táthar ag cur críoch le roghanna bealaigh. Táthar ag súil go rachaidh an tionscadal ar aghaidh le measúnuithe timpeallachta agus iarratas ar chead pleanála le linn 2022.

12. SCÉIM CHOISITHE AGUS ROTHAR HARRY REYNOLDS

Cistiú - Imfhálaithe, an tÚdarás Náisiúnta Iompair Circa €8.5M

NUASHONRÚ: Tógáil ar an tionscadal sceidealta le tosú in 2022 agus cuirfidh sé go mór le háiseanna rothaíochta agus coisithe sa bhaile agus leis an acmhainn atá ann don taisteal gníomhach, don fhóillíocht agus don turasóireacht.

* Cistiú Forbartha Athghiniúna Uirbeach (Urban Regeneration Development Funds, URDF) – Cistiú de chuid an rialtais láir chun tacú leis an gcreat náisiúnta pleanála agus leis an bplean náisiúnta forbartha 2018-2027. Déanfaidh Clár Caipitil de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall 25% de na suimeanna imfhálaithe URDF a mheaitseáil

INFHEISTÍOCHT RÉAMH-MHEASTA IOMLÁN 2020-2027

€54m - €57m

NUASHONRUITHE LE FÁIL AG BALBRIGGAN.IE

CEANNACHÁIN

- O'Sheas, Cuan Bhaile Bhrigín
- DeBruns-6, 8, 8A, 10&12 Sráid an Droichid
- 2-4 Sráid Bhaile Átha Cliath
- 14 Sráid an Droichid

Costas Iomlán
€3.9 milliún